C/2024/6994

19.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11675 – CARLSBERG / BRITVIC)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6994)

1. An 11 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Carlsberg A/S ('Carlsberg') (an Danmhairg),

— Britvic PLC ('Britvic') (an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh Carlsberg rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Britvic ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 8 Iúil 2024.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Carlsberg gníomhach go príomha i ngrúdaireacht agus i soláthar mórdhíola beorach agus leann úll. Tá Carlsberg gníomhach freisin mar mhórdhíoltóir deochanna alcólacha agus neamh-mheisciúla sa Fhrainc.

— Is déantúsóir agus soláthróir deochanna boga é Britvic, thar roinnt catagóirí lena n-áirítear deochanna boga carbónáitithe, deochanna fuinnimh, taenna réidh le hól, súnna agus deochanna sú, uiscí agus caolairí.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11675 – CARLSBERG / BRITVIC

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').